

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Staidéar Gnó

Leabhrán
Acmhainní
Lá Cnuas
Ghrúpaí EFG
2019 - 2020



Clár

Torthaí Foghlama	Lch. 3
Ag seiceáil isteach agus ag machnamh	Lch. 6
Atlantach Domhain na hÉireann	Lch. 7
Turas Foghlama Odhráin	Lch. 9
Gníomhaíocht Mata Boird	Lch. 11
Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí	Lch. 12
Aidhmeanna & Réasúnaíocht do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí	Lch. 13
Anailís LLDB/SWOT	Lch. 14
Ábhar Spreagtha 1	Lch. 15
Ábhar Spreagtha 2	Lch. 16
Ábhar Spreagtha 3	Lch. 17
Ábhar Spreagtha 4	Lch. 18
Teimpléad Pleanála Aonad Foghlama	Lch. 19
Ag Machnamh ar Intinní Foghlama & ar Chritéir Ratha	Lch. 21
Cad é a dhéanann Aiseolas Foirmitheach	Lch. 23
Aiseolas agus tuairisciú	Lch. 24
Spreagthaí Comhrá ar Chleachtas a Roinnt	Lch. 24
Ag plé le taighde ar thuairisciú	Lch. 25
Féin-iniúchadh ar Thuairisciú	Lch. 26
Machnamh ar an Lá	Lch. 27
Nótaí	Lch. 28

Torthaí Foghlama

Snáithe 1: Airgeadas Pearsanta

Díríonn airgeadas pearsanta ar an scoláire a bheith ag forbairt sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach. Sa snáithe seo foghlaimíonn an scoláire faoina chúrsaí airgeadais a bhainistiú, faoi iompar freagrach tomhaltóra agus faoin luach a bhaineann le hacmhainní a úsáid go heiticiúil agus go héifeachtúil chun tairbhe daoine aonair agus na sochaí.

GNÉITHE: Mo chuid acmhainní a bhainistiú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 1.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní pearsanta atá ar fáil dó chun freastal ar a chuid riachtanas agus mianta, agus anailís a dhéanamh ar an méid a imríonn sásamh na riachtanas agus na n-éileamh sin tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí
- 1.2 Foinsí ioncaim agus caiteachais a shainaithint agus a rangú, comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá ar fáil chun an bainistiú is fearr a dhéanamh ar acmhainní airgeadais, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gach rogha acu agus breithiúnais eolasacha agus fhreagracha a dhéanamh
- 1.3 Saolré airgeadais pearsanta a chur le chéile chun riachtanais airgeadais ag céimeanna difriúla saoil a shainaithint
- 1.4 Na príomhchánacha agus na príomhtháillí pearsanta a mhíniú agus an tráth agus an chúis a bhféadfaidís a theacht chun cinn a thabhairt le fios
- 1.5 Cúiseanna a shainaithint chun airgead a choigilt agus a fháil ar iasacht, na cúiseanna sin a cheangal le foinsí cuí airgeadais a aimsiú i ndáil lena gcuspóir, lena gcostais agus lena rioscaí
- 1.6 Cineálacha cuí árachais a shainaithint le haghaidh riachtanais phearsanta ar leith agus costais, tairbhí agus rioscaí a mheas

GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 1.7 Idirdealú a dhéanamh idir a chearta agus a fhreagrachtaí mar thomhaltóir agus léirthuisct a bheith aige dóibh
- 1.8 Comparáid a dhéanamh idir na seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí do thomhaltóirí agus institiúidí airgeadais chun cabhrú agus chun tacú le custaiméirí
- 1.9 Díospóireacht a dhéanamh faoi na saincheisteanna eiticiúla agus inbhuanaitheachta a eascraíonn as an úsáid a bhaineann sé as earraí agus as seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a iompar mar thomhaltóir cur le forbairt inbhuanaithe
- 1.10 Plé agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-imríonn domhandú agus forbairtí teicneolaíochta tionchar ar rogha agus ar iompar tomhaltóirí

GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- 1.11 Duilleog phá a léirmhíniú agus dliteanas pearsanta cánach de bharr fostaíochta a ríomh
- 1.12 Buiséad a ullmhú agus anailís a dhéanamh air, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf
- 1.13 Monatóireacht agus ríomh a dhéanamh ar shonraí ioncaim agus caiteachais, an staid airgeadais a fháil amach, gníomhartha cuí a mholadh agus an anailís a chur i láthair i bhfoirm táblaí agus graf

Snáithe 2: Fiontraíocht

Spreagann an Fhiontraíocht an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus iad a thiontú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla spriocdhírthe taobh istigh den ghnó agus den tsochaí i gcoitinne trína thuiscint, a scileanna agus a luachanna a fhorbairt agus a úsáid. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi bheith fiontraíoch, faoi fheidhmeanna eagraíochta agus faoin timpeallacht ghnó.

GNÉITHE: Mo Chuid Acmhainní a Bhainistiú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

2.1 Cineálacha difriúla fiontair airgeadais, chultúrtha agus shóisialta a shainaithint agus léirithuisint a bheith aige don ról atá ag gach ceann acu sa tsochaí

2.2 Cur síos a dhéanamh ar scileanna agus ar shaintréithe an té atá fiontraíoch agus léirithuisint a bheith aige do ról an fhiontraí in eagraíocht, sa tsochaí agus sa gheilleagar

2.3 Dealú idir fostaíocht, obair agus saorálaíochas, agus gnéithe, tairbhí, luach saothair agus gairmeacha laistigh díobh uile a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu

GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

2.4 Idirdhealú a dhéanamh idir cearta agus freagrachtaí an fhostóra agus an fhostaí ó thaobh seasamh dlíthiúil, sóisialta, comhshaoil agus eiticiúil de

2.5 Na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ag eagraíocht ar an bpobal ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de a iniúchadh

2.6 Tionchar teicneolaíochtaí digiteacha ar eagraíocht a phlé agus díospóireacht a dhéanamh faoin luach saothair agus faoi na costais a bhaineann leo

GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

2.7 Taighde margaidh a dhéanamh chun deis fiontraíochta a iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, iad a léirmhíniú agus iad a chur in iúl agus úsáid á baint as téarmaíocht agus as léiriúcháin ábhartha

2.8 Cumasc margaidh a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun táirge nó seirbhís nua nó ceann atá ann cheana a chur chun cinn

2.9 Plean gnó simplí a fhorbairt do tháirge nó do sheirbhís nua nó do cheann atá ann cheana

2.10 Cáipéisí tábhachtacha gnó a úsáideann eagraíocht ar chúinsí cuntasachta chun a cuid idirbheart a bhainistiú, a chur i gcrích agus a léirmhíniú

2.11 Meas a dhéanamh ar a thábhachtaí is atá sreabhadh airgid eagraíochta a phleanáil, foinsí oiriúnacha maoinithe a mholadh chun caiteachas a bhainistiú agus buiséad a ullmhú

2.12 Cuntas airgid a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar ioncam a fuair eagraíocht agus ar íocaíochtaí a rinne sí, measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh; figiúir a phostáil sna mórleabhair iomchuí agus comhardú trialach a fháil

2.13 Cuntais deiridh a ullmhú chun feidhmíocht airgeadais eagraíochta ag deireadh tréimhse trádála a mheas, anailís agus measúnú a dhéanamh ar a staid airgeadais agus plean gníomhaíochta a mholadh

Snáithe 3: Ár nGeilleagar

Cuireann Ár ngeilleagar ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint. Forbraíonn sé cumas an scoláire chun bunchoincheapa eacnamaíochta a shainathint agus a thuiscint faoi mar a bhaineann siad le hairgeadas pearsanta, le fiontraíocht agus le geilleagar na hÉireann. Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire faoi éileamh agus soláthar earraí agus seirbhísí, faoi ról an rialtais i mbainistiú an gheilleagair, agus faoi shaincheistanna eacnamaíochta amhail trádáil, fostaíocht agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

GNÉITHE: Mo Chuid Acmhainní a Bhainistiú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.1 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcaithfidh daoine aonair roghanna a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainní eacnamaíochta; torthaí féideartha na roghanna sin a thuar

3.2 Míniú a thabhairt ar an gcaoi a gcomhoibríonn daoine aonair, eagraíochtaí (eagraíochtaí brabúis agus eagraíochtaí neamhbhrabúis) agus an rialtas le chéile chun acmhainní eacnamaíochta a dháileadh a úsáidtear chun táirgí agus seirbhísí a tháirgeadh

3.3 Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hathruithe ar sholáthar agus éileamh earraí agus seirbhísí i margaí difriúla tionchar a imirt ar phraghsanna

3.4 Dealú idir foinsí difriúla ioncam rialtais agus caiteachas rialtais

GNÉITHE: Cúrsaí Gnó a Fhiosrú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.5 Feidhm na cánach a scrúdú ó thaobh cúrsaí airgeadais, sóisialta, dlíthiúla agus eiticiúla de

3.6 Míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le borradh eacnamaíoch tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol agus cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a chosaint

3.7 Díospóireacht a dhéanamh ar na himpleachtaí atá le domhandú na trádála, lena n-áirítear na tairbhí agus na dúshláin don trádáil idirnáisiúnta

3.8 Plé a dhéanamh ar na tairbhí agus ar na dúshláin, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach

GNÉITHE: Scileanna a Úsáid don Ghnó

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

3.9 Oiriúnacht táscairí eacnamaíochta a mhíniú amhail boilsciú, rátaí fostaíochta, rátaí úis, borradh eacnamaíoch, ioncam náisiúnta agus fiacha náisiúnta do dhaoine aonair agus don gheilleagar

3.10 A chuid eolais, agus faisnéis ó fhoinsí éagsúla meán, a úsáid chun saincheistanna reatha eacnamaíochta a phlé agus tuairim eolasach a chur i láthair

3.11 Measúnú a dhéanamh ar thairbhí agus ar chostais beartas geilleagrach rialtais, agus iad siúd a bhaineann leas as na tairbhí agus iad siúd a bhíonn thíos leis na costais a mheas




Déan scanadh ar an gCód MF (mearfhreagartha) chun an tSonraíocht don Staidéar Gnó a íoslódáil

Ag seiceáil isteach ar an turas go dtí seo agus ag machnamh faoi:

Cad iad na príomhathruithe, i do chleachtas aonair agus sa seomra ranga, is mó a chuaigh chun tairbhe duit thar thréimhse na Sraithe Sóisearaí?

Cad é an príomhathrú i gcleachtas comhoibríteach do Roinn Staidéar Gnó is mó a chuaigh chun tairbhe duit thar thréimhse na Sraithe Sóisearaí?



Two large, empty rounded rectangular boxes for writing answers to the first two questions.

Príomhfhoghlaim:

Príomhfhoghlaim:

Cad é a d'fhoghlaim tú faoi bheith ag plé leis an bpróiseas MRB do MRB1: Gnó á Chur i nGníomh agus MRB2: Cur i Láthair ó Bhéal?

Conas a chabhraigh an t-eispéireas AFMÁ le do chuid foghlama faoi d'ábhar agus ar chuir sé le d'fhéinmhuinín chun cloí le caighdeáin áirithe?

A large, empty rounded rectangular box for writing an answer to the third question.

A large, empty rounded rectangular box for writing an answer to the fourth question.

Príomhfhoghlaim:

Príomhfhoghlaim:

Atlantach Domhain na hÉireann - Acmhainn don seomra ranga

D'eascair an acmhainn seo mar thoradh ar chomhoibriú idir an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), RTÉ agus Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ/BAI) agus fiosraíonn sé an phríomhfhoghlaim agus na ceisteanna tábhachtacha a ardaíodh sa tsraith faisnéise dhá chlár 'Atlantach Domhain na hÉireann'. Thug Údarás Craolacháin na hÉireann tacaíocht airgid don chlár faisnéise seo agus ba é Ken Ó Súilleabháin ó Sea Fever Productions a láithrigh agus a stiúir é. Bunaíodh é ar na prionsabail don Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI/ESD) a dhíríonn ar na gnéithe eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta den OFI/ESD. Dearadh an acmhainn seo chun cur leis an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI/ESD) a thionscain an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), i gcomhar le príomh gheallshealbhóirí eile agus seoladh é in 2014. Cuireann sé creat ar fáil inar féidir le hearnáil an oideachais cabhrú agus cur le todhchaí níos inbhuanaithe ar leibhéal éagsúla: leibhéal aonair, pobail, áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Agus an acmhainn seo á forbairt acu, chomhoibrigh foirne Staidéir Gnó agus Tíreolaíochta SSM chun eispéiris shaibhre foghlama a chruthú a chuirfeadh leis na Sonraíochtaí don dá ábhar agus ar dhóigh níos ginearálta, le Creat na Sraithe Sóisearaí 2015. Níor cruthaíodh na hacmhainní seo le húsáid ceann i ndiaidh a chéile ach ina áit sin chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a rachaidh chun tairbhe scoileanna aonair ina gcomhthéacs ar leith.

Gearrthóg 1

Feicim, Cloisim, Smaoiním, Déanaim Iontas

Feicim....



Cloisim....




Smaoiním....



Déanaim Iontas



Gearrthóg 2



Gearrthóg 3

Cén tionscal ina raibh Antero fostaithe roimhe seo?

An sampla é seo de thionscal inbhuanaithe? Cén fáth?

Conas a d'imir an tionscal seo tionchar ar a phobal, glúine amach anseo agus an timpeallacht?

Cén tionscal ina bhfuil Antero fostaithe anois? An sampla é sin de thionscal inbhuanaithe? Cén fáth?

Conas a imríonn an tionscal seo tionchar ar a phobal, glúine amach anseo agus an timpeallacht?

1ú Bhliain

Sa chéad bhliain, d'fhoghlaim mé a lán rudaí éagsúla i seomra ranga an Staidéir Ghnó. Le linn na bliana, i measc rudaí eile, d'fhoghlaim mé faoi mo chuid riachtanas agus mianta agus conas buiséad scoláire a ullmhú agus anailís a dhéanamh, ionas go dtiocfadh liom mo chuid caiteachais a láimhseáil, scil atá an-úsáideach ar fad. Rinne mé taighde faoi chineálacha éagsúla caiteachais ag líon tí agus rinne rólimirt faoi chearta tomhaltóirí agus cásanna freagrachta le mo chairde sa rang.

Sa rang, d'fhoghlaim mé faoin bpróiseas taighde agus conas mo chuid foinsí a sheiceáil, a bhreacadh síos agus tagairt a dhéanamh dóibh. Ag an gcruinniú idir tuismitheoirí, múinteoir agus scoláire i mí na Samhna labhair mo mhúinteoir faoin gcaoi a raibh ag éirí liom socrú isteach agus an dul chun cinn a bhí á dhéanamh agam agus labhair muid faoi mo scileanna taighde.

D'fhoghlaim muid faoi sholáthar agus éileamh trí ghrúpgníomhaíocht trádála agus barraí seacláide in úsáid againn agus chabhraigh sé sin liom a thuiscint conas a théann soláthar agus éileamh i bhfeidhm ar na praghsanna atá ar réimse gnáth earraí agus seirbhísí. I rith na bliana, fuair mé aiseolas ó mo mhúinteoir ar mo chuid oibre agus bhí deis agam ceisteanna a chur murar thuig mé é. Sheol an scoil dhá thuairisc eile chuig mo thuismitheoirí, ceann amháin i mí Feabhra agus ceann eile i mí Bealtaine a thug tuairisc ar mo chuid foghlama i rith na bliana agus a raibh mo chuid machnaimh féin ar mo chuid foghlama mar chuid de.

2ú Bliain

Sa dara bliain, d'fhoghlaim mé faoi réimsí eile amhail árachas pearsanta, a bheith i mo thomhaltóir eiticíúil, an tionchar a bhíonn ag eagraíochtaí, cleachtas inbhuanaithe ghnó agus d'úsáid mé mo chuid tuisceana ar ioncam agus caiteachas chun cuntais ghnó a ullmhú agus a anailísiú. D'éist muid le roinnt podchraoltaí d'fhiontraíthe Éireannacha agus d'úsáid mé iad sin chun scileanna agus tréithe fiontraíthe a fhiosrú.

I mí na Samhna, d'iarr ár múinteoir ar na scoláirí taighde a dhéanamh agus cur i láthair a ullmhú ar thopaic dár rogha féin a léiríonn conas is féidir le tomhaltóirí nó gnólachtaí a bheith níos inbhuanaithe. Rinne muid machnamh ar an gcur i láthair agus fuair muid aiseolas maidir le dóigheanna chun ár gcuid scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a fheabhsú ag an gcruinniú idir tuismitheoirí, múinteoir agus scoláire i mí na Nollag.

I mí Feabhra, bhí scrúdú agam bunaithe ar an obair a rinne muid sa rang idir an Nollaig agus mí Feabhra agus fuair mo thuismitheoirí aiseolas ar an scrúdú ar mo thuairisc scoile.

D'iarr an múinteoir ar an rang rogha a dhéanamh idir Gnó á Chur i nGníomh, Airgeadas á Chur i nGníomh nó Eacnamaíocht á Chur i nGníomh don chéad MRB mar obair ghrúpa. D'aontaigh muid ar Fhiontar á Chur i nGníomh cionn is go mbeadh deis againn táirge nó seirbhís a fhorbairt a thiocfadh linn a dhearadh nó a chruthú muid féin, é sin nó thiocfadh linn díriú ar tháirge nó ar sheirbhís a n-aithnímid go mbeadh ar a chumas cur lena mhargadh. Is féidir linn imeacht nó gníomhaíocht fiontraíochta a eagrú freisin. D'oibrigh mise le grúpa de thriúr scoláirí eile chun iniúchadh a dhéanamh an bhféadfadh an siopa scoile leathnú amach. Sa ghrúpa s'againne rinne muid taighde agus rinne muid meastóireacht ar na torthaí. Sa taighde s'agamsa, rinne mé suirbhé ar scoláirí eile sa scoil faoin úsáid a bhaineann siad as siopa na scoile. I bhfianaise an taighde, d'fhorbair muid plan gnó don leathnú molta. Rinne muid machnamh ar ár gcuid foghlama, ar bhonn aonair agus ar ról gach duine sa ghrúpa araon. Scríobh muid tuairisc agus chuir muid léaráidí agus íomhánna léi. Mí i ndiaidh dúinn an MRB a chríochnú, fuair muid ár dtuairiscíní agus roinnt aiseolais ar an obair a bhí déanta a chuidigh linn a fhios a bheith againn conas feabhsú amach anseo.

3ú Bliain

Sa tríú bliain, ba léir dom go raibh muid ag cur leis an bhfoghlaim ón gcéad agus ón dara bliain. D'fhoghlaim muid tuilleadh faoin tábhacht atá le cuntais eagraíochta agus conas staid airgeadais chomhlachta a mheas. Bhí suim mhór ag an rang s'againn sa Bhreathmeacht agus mar sin bhí deis againn taighde a dhéanamh ar an topaic agus úsáideadh sin chun tábhacht bhallaíochta na hÉireann san AE a thuiscint. D'úsáid muid ár gcuid scileanna taighde ar bhonn aonair agus mar ghrúpaí chun taighde a dhéanamh ar bheartais eacnamaíochta agus chun meabhrú conas a d'imir siad sin tionchar ar an gceantar áitiúil.

I mí na Samhna, d'iarr mo mhúinteoir orainn taighde a dhéanamh agus cur i láthair a ullmhú ar ár rogha topaice a bhain le cúrsaí gnó i gcomhair MRB2. A luaithe is a bhí mo chuid taighde déanta, b'éigean dom machnamh ar mo chuid torthaí agus mo chuid machnaimh ar na torthaí a chur i láthair mo ranga. Don chur i láthair s'agam, roghnaigh mé an méadú atá tagtha ar rátaí CBL agus chuir mé agallamh ar chúpla gnó áitiúil chun an tionchar a bhí aige sin ar an ngnó acu cionn is gur thug mé comharthaí faoi deara sna caifelanna áitiúla faoi mhéadú sna praghsanna mar gheall ar an mbuiséad. Chuir mé mo chuid smaointe faoi na torthaí i láthair mo ranga agus mhínigh mé mo chuid tuairimí féin ar an mhéadú sa CBL agus chuir an múinteoir cúpla ceist orm faoi mo thaighde.

Agus MRB2 críochnaithe againn, rinne muid an Tasc Measúnaithe. Chuige seo, rinne mé machnamh faoi mo chumas chun eolas nó tuiscint nua a mheas a tháinig chun cinn le linn dom an cur i láthair a dhéanamh agus mo chumas chun meabhrú faoin gcaoi a ndeachaigh eispéireas an chuir i láthair i gcionn ar mo léargais / dhearthaí / bharúlacha. An machnamh a bhí mé a dhéanamh sna ceachtanna éagsúla, thuig mé gur chabhraigh sé go mór liom an tasc seo a chur i gcrích. Ag an gcruinniú idir tuismitheoirí, múinteoir agus scoláire, fuair mo chuid tuismitheoirí agus mé féin aiseolas ar an dul chun cinn a bhí déanta agam sa rang agus aiseolas freisin ar an tuairiscín a bronnadh orm don Chur i Láthair.

I mí Feabhra, bhí scrúdú ag mo rang bunaithe ar an bhfoghlaim ó na trí bliana go dtí sin. Fuair mo tuismitheoirí aiseolas i dtuairisc ón scoil. Chabhraigh an múinteoir leis an rang machnamh a dhéanamh ar na freagraí s'againn ar an scrúdú le cuidiú linn gnéithe a aithint a mbeadh orainn súil siar a chaitheamh orthu. D'úsáid mé é sin chun plean staidéir a dhéanamh dom féin.

Fuair mo chuid tuismitheoirí tuairisc scoile freisin ina raibh an tuairiscín MRB agus aiseolas. I mí Meithimh, tabharfaidh mé faoin scrúdú deiridh i Staidéar Gnó agus gheobhaidh mé an PGSS níos moille sa bhliain mar aon le mo chuid foghlama uile ó na trí bliana.

Forbairt Céim ar Chéim na dTorthaí Foghlama

Forbairt na bPríomhscileanna

Measúnú Leanúnach

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



“Bíonn réimse scileanna de dhíth ar fhoghlaimoirí chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar oiread dúshlán a bhíonn rompu i saol an lae inniu. Forbraíonn siad scileanna sainiúla sna hábhair s’acu agus i gcúrsaí eile. Ach tá tacar scileanna níos ginearálta ann freisin a theastaíonn chun cabhrú le foghlaimoirí ina saol pearsanta, sóisialta agus oibre. Is príomhscileanna na sraithe sóisearaí a thugtar orthu sin.”

[https://www.curriculumonline.ie/getmedia/def48e3f-68f9-42e4-95de-f30086321fd0/JSEC_Key_Skills_of_JC_English\).pdf#targetText=The%20six%20key%20skills%20of,and%20Managing%20Information%20and%20Thinking.](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/def48e3f-68f9-42e4-95de-f30086321fd0/JSEC_Key_Skills_of_JC_English).pdf#targetText=The%20six%20key%20skills%20of,and%20Managing%20Information%20and%20Thinking.)

Aidhm

Is é aidhm an staidéir gnó spéis an scoláire a mhúscailt sa timpeallacht ghnó agus sa chaoi a mbíonn sé ag plé léi. Forbraíonn sé scileanna, eolas, meonta agus iompraíocht a chuireann ar a chumas cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh leis na hacmhainní uile atá ar fáil dó, ag cinntiú a leasa féin agus leas na sochaí, agus ag an am céanna beidh sé ag éirí níos féinfheasaí mar fhoghlaiméir.

Réasúnaíocht

Tá daoine óga ag fás aníos i ndomhan domhandaithe agus dinimiciúil. Tiofadh deiseanna agus dúshlán úra chun cinn lena linn atá chóir a bheith doshamhlaithe sa lá atá inniu ann. Teicneolaíochtaí éiritheacha, dúshlán chomhshaoil agus shochoíocha, déimeagrafaic, iomaíocht dhomhanda agus éileamh athraitheach tomhaltóirí – is iad sin na nithe a spreagfaidh na hathruithe sin. Cabhraíonn staidéar ar chúrsaí gnó leis an tuiscint, leis na scileanna agus leis na meonta a theastaíonn chun páirt iomlán a ghlacadh i ndomhan idirnasctha a thabhairt don scoláire.

Spreagann an staidéar gnó an scoláire le léirthuisicint níos fearr a fháil don tionchar a bhíonn ag tosca eacnamaíocha agus sóisialta ar a shaol. Cuirtear ar a chumas cinntí eolasacha a dhéanamh, a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú níos fearr agus a bheith solúbtha, cruthaitheach agus fiontraíoch. Cuireann an staidéar gnó feabhas freisin ar a eolas agus ar a thuisicint ar dhea chleachtas gnó agus ar an ngnó mar ghníomhaíocht tháirgiúil.

Cuireann an fhiontraíocht le cáilíocht ár saoil chomhchoitinn agus aonair, agus go minic athraíonn sí an tslí a mbímid ag obair, i mbun cumarsáide agus ag maireachtáil. Tugann an staidéar gnó feasacht, léargas agus dearcadh dearfach dúinn i leith na fiontraíochta, agus taispeánann sé dúinn an chaoi ar féidir leis feabhas a chur ar ár gcuid earraí, seirbhísí agus institiúidí.

Spreagann an staidéar gnó an scoláire chun scileanna a fhorbairt don fhoghlaim, don obair agus don saol. Cabhraíonn sé le forbairt scileanna smaointeoireachta anailísí agus criticiúla, ag spreagadh an scoláire le bheith go maith ag réiteach fadhbanna. Daingníonn sé forbairt scileanna uimhearthachta, litearthachta agus teicneolaíochta digítí an scoláire trí chomhthéacs a sholáthar ón bhfíorshaol inar féidir iad a úsáid. Fiosraíonn an staidéar gnó an t idirspéachas atá ann idir rath eacnamaíochta, folláine shochoíoch agus an comhshaol agus spreagann sé an scoláire chun smaoineamh agus gníomhú mar a bheadh saoránach freagrach agus eiticíúil ann. Tabharfar scileanna bunúsacha, tuiscintí agus tréithe pearsanta dó, a chabhróidh leis dul i ngleic leis an timpeallacht dhinimiciúil ghnó agus a lánacmhainneacht a bhaint amach ina shaol pearsanta agus gairmiúil, anois agus san am atá le teacht.

Sonraíocht Curaclam Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, Lgh. 4 & 5

Anailís LLDB/SWOT

	Mo Chleachtas Aonair	Ár Roinn	Na chéad chéimeanna eile
Láidreachtaí			
Laigí			
Deiseanna			
Bagairtí			

Conas atá oileán ar chósta Dhún na nGall ag glacadh seilbh ar a thodhchaí leathanbhanda

"Seo an chéad bhliain nach mbeidh Céad Chomaoineach Naofa ar bith anseo." Is duine é Jerry Early de na 450 áitritheoir ar Oileán Árann Mhór i nDún na nGall. Tá tábhairne ag an teaghlach s'aige ar an oileán leis na blianta. Ach tá sé féin buartha faoi thodhchaí an oileáin.

Agus é tuairim is 6km faoi 4km ó thaobh méide, tá an t-oileán álainn sceirdiúil turas 15 nóiméad ón mórthír ar bhád beag farantóireachta áitiúil. Tá sé ar an séú hoileán is mó ar chósta na hÉireann agus ar aon dul le hOileán Mór Chorcaí nó le Cliara Mhaigh Eo.

Amhail na háiteanna sin, tá bonneagar bunúsach ann: bóithre, siopaí, dhá scoil, teach an phobail, club oíche fiú amháin. Tá tionscal beag iascaireachta ann.

Ach amhail formhór na n-oileán ar chósta na hÉireann, tá an pobal ag dul i laghad de réir a chéile. Tá níos mó ná leath de bhunadh an oileáin os cionn 60, ar nós Jerry. Agus is beag leanbh nua atá ag teacht ar an saol, má ta ceann ar bith ann.

Tá todhchaí an phobail idir dhá cheann na meá. Más mian leis cinniúint oileáin eile a sheachaint, a bhfuil roinnt acu bánaithe anois, caithfear beart éigean a dhéanamh.

"Ba mhaith le daoine óga imeacht agus a bheith ag obair le TF agus jabanna eile," a deir Early. "Fágann siad an t-oileán. Níl mé ina dhiaidh orthu. Ach tá muidne in ainm a bheith inár gcaomhnóirí ar an oileán seo. Tá freagracht orainne áit a dhéanamh de seo nach mbeidh fonn orthu a fhágáil. Agus áit a dhéanamh de le gur mhian leo siúd a d'imigh teacht ar ais chuige, b'fhéidir."

"Tá an mol digiteach ar cheann de na bealaí is fearr lena chur ina luí orthu anois ní amháin gur féidir leo teacht slán ach go mbeadh rath orthu anseo."

An teimpléad é seo do na hoileáin eile? Rinne Three infheistíocht dá chuid féin i dtogra leathanbhanda Árann Mhór lena léiriú cad é is féidir le hoileán – nó aon phobal sceirdiúil tuaithe eile – a bhaint amach.

Ach níl sé ag dul a infheistiú in oileáin eile ar fud na tíre. Breathnaítear ar infreastruchtúr Árann Mhór mar chomhfhiontar chun aird a tharraingt ar an teicneolaíocht seachas beart gnó go díreach atá ábalta briseadh cothrom. "Chaith muid leis an oileán mar a chaithfimis le fiontar mór ar bith a mbeadh a lán deacrachtaí móra le réiteach aige," a deir Elaine Carey, Príomhoifigeach díolacháin Three. "Bhí nascacht de dhíth orthu go géar agus tríd sin, rochtain ar oideachas agus ar sheirbhísí leighis amhail teilileighis. I gcás Árann Mhór, baineann sé go mór le hinbhuanaitheacht an oileáin amach anseo. I dtaca linne de, is léiriú é seo ar ar féidir linn a dhéanamh. Mar a tharlaíonn sé, is oileán é Árann Mhór".

Agus an méid sin ráite, d'íoc Three as cuid mhór de na gairis don mhol digiteach Modam. Ní bheadh an áis sin ann murach suim an oibritheora.

An réiteach é seo do na hoileáin eile?

Faoi láthair, is é an gealltanais a thugtar i bPlean Náisiúnta Leathanbhanda an rialtais go mbeidh gach teach agus gnó tuaithe sa tír ceangailte le leathanbhanda ardluais. De réir na moltaí reatha, is snáth-chun-tí a bheidh i gceist leis seo den chuid is mó, arb é an leagan is gasta faoi láthair é.

Arna chur in oiriúint ó: <https://www.independent.ie/business/technology/broadband-now/how-one-donegal-island-is-taking-control-of-its-broadband-future-38026090.html>


70 post le cailleadh ag monarcha Cadbury ag Cúlóg

Tá úinéir Cadbury ag iarraidh gearradh siar ar 70 post ag an monarcha táirgeachta i gCúlóg i mBaile Átha Cliath. Deir ionadaithe ó CSTGT agus Unite go mbuailfidh siad le Mondelez Ireland ar an tseachtain seo chugainn chun na cailleanais poist atá á mbagairt a phlé.

Maíonn na ceardchumainn go bhfuil an beart a rinne an lucht bainistíochta doghlactha i bhfianaise na n-athruithe i gcleachtais oibre ar aontaigh oibrithe leo mar chuid den athstruchtúrú a rinneadh le blianta beaga anuas. Tuigtear go n-iarrfaidh Mondelez na hiomarcaíochtaí ar bhonn deonach ar feadh an da bhliain atá romhainn.

"Tá ár gcuid ball go hiomlán míshásta leis an bhfógra a rinne an lucht bainistíochta ar maidin ina n-iarrtar ar 70 ball dul ar iomarcaíocht," a d'fhógair Colm Casserly eagraí CSTGT.

"Táimid i mbun cainteanna lenár gcuid ball roimh chruinniú leis na bainisteoirí, a bheidh ag titim amach chomh luath agus is féidir ar an tseachtain seo chugainn. Ag an gcruinniú seo, cuirfidh ionadaithe SIPTU agus Unite seasamh ár gcuid ball in iúl agus déanfaimid ár ndícheall líon na bpost atá le cailleadh ag an monarcha a theorannú."



Tá os cionn 350 duine fostaithe ag Mondelez ag an ionad i gCúlóg. I ráiteas a eisíodh, dúirt siad amhail na ndéantúsóirí uile go ndéanann siad athbhreithniú ar a gcuid oibríochtaí lena chinntiú go mbíonn an gnó chomh héifeachtach agus chomh feidhmiúil agus is féidir.

"Táimid ag brath €15m a infheistiú i gCúlóg chun an suíomh a dhéanamh níos comórtasaí sa todhchaí. De thoradh na moltaí seo, beidh tionchar aige ar na jabanna atá ag roinnt comhghleacaithe," a dúradh.

"Tá próiseas comhairliúcháin idir lámha againn faoi láthair agus déanfaimid oiread agus is féidir linn chun tacú leo amach anseo."

Arna chur in oiriúint ó: <https://www.rte.ie/news/business/2019/0509/1048497-70-jobs-to-go-at-cadbury-plant-in-coolock/>

An Plean Manna atá ag Bobby Healy chun an seirbhís seachadta bia na ndrón a dhéanamh beo in Éirinn i mbliana

Tá BOBBY HEALY, iar-phríomhoifigeach teicneolaíochta CarTrawler, ag fáil faoi réir chun a ghnólacht nuathionscanta seachadta dróin a sheoladh roimh dheireadh na bliana. Is gnólacht nuathionscanta seachadta bia é Manna a úsáideann dróin fhéinrialaitheacha ach tá na pleananna ag brath ar cheadú rialála. Dúirt Healy atá go fóill ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ag CarTrawler, go bhfuil rún ag Manna an cead a fháil ó oifigigh i mbliana.

“Táimid i mbun ullmhúcháin go ciúin fáillí le cupla bliain anois. Níl mórán ráite agam faoi,” a d’inis sé do Fora. “Beimid réidh chun seoladh linn faoi dheireadh na bliana in Éirinn.”

Ó chéadfógair Amazon a gcuid uailmhianta in 2013, tá feidearthachtaí nach beag ag baint le seachadadh dróin. Ba iad na dúshláin theicniúla agus rialála a chuir brionglóidí móra Silicon Valley maidir le dróin sna spéartha ar an méar fhada. An tseachtain seo mar sin féin, d’éirigh le Google cead a fháil, ó Údarás Eitlíochta Cónaidhme SA, dá gcomhlacht seachadta go doras, Wing. In Éirinn, tar éis sraith de thástálacha le blianta beaga anuas, tá súil ag Healy an dul chun cinn céanna a dhéanamh le Manna agus a “dhrón ar ghrád eitlíochta”.

“Na dróin a cheannaítear i siopa, níl siad sábháilte go leor chun eitilt os cionn daoine,” a mhínigh sé.

“Caithfear na leibhéil chéanna sábháilteachta a bheith agat is atá ag aerárthach le bheith in ann ceadúnas a fháil é a úsáid i modh féinrialaitheach os cionn limistéir ina bhfuil daoine ina gcónaí.”

Bheadh dróin Manna ag eitilt tuairim is 100 méadar in airde, ag seachadadh laistigh de gha dhá nó trí chiliméadar agus ar leibhéal íseal ó thaobh fuaim de. Seo a leanas mar a d’oibreodh an próiseas seachadta: imíonn an drón ón mbialann, eitlíonn ag 100 méadar in airde chuig an gceann scríbe agus téann síos tuairim is 10 nó 15 mhéadar ar airde agus ligeann an bia síos le snáithe línéadaigh inbhithmhíllte “Ní thuirlíngíonn sé in am ar bith leis an gcustaiméir, beidh sé i gcónaí suite ag fad sábháilte os a chionn,” a mhínigh Healy.

Tá tástálacha déanta ag an bhfoireann 15 duine – scaipthe idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag i dt trí áit sa tír. “Má théann gach rud go maith, faoin gceathrú deireanach den bhliain, beimid beo. Ní féidir liom a rá cá háit a mbeimid beo ach ní bheidh sé i mBaile Átha Cliath,” a d’fhógair sé.

An rath a tháinig ar ordú bia ar líne d’athraigh sé an t-ionchas a bhíonn ag tomhaltóirí i dtaca le seachadadh agus a ghasa a thagann sé. Is féidir le dróin seachadadh a dhéanamh laistigh de thuairim is trí nóiméad, a dúirt Healy.

“Bheadh daoine ag ordú níos mó bia ar éileamh, bheadh bialanna áitiúla i bhfad níos gnóthaí agus bheadh eispéireas tomhaltóirí i bhfad níos fearr chomh maith.”

Dúirt Healy go raibh tacaíocht ag Manna ó chúig ghnólacht caipiteal fiontair idirnáisiúnta ach níor nocht sé aon uimhir ná aon ainm.

Arna chur in oiriúint ó: <https://www.thejournal.ie/manna-drone-delivery-2-4607179-Apr2019/>

Cultacha Fliucha Uaschúrsáilte

Trí athshamhlú a dhéanamh ar rud ‘seanchaite’ – tugann uaschúrsáil lear mór féidearthachtaí, dearthaí, deiseanna gnó agus réitigh dramhaíola nua. Tá sé go hiontach ar fad! Sin an fáth ar chuir mé tús leis an nGluaiseacht Uaschúrsála in 2012. In 2004 bhuaill an súnámaí millteanach an Áis agus fuair na mílte duine bas agus fágadh daoine eile gan dídean. Is baintreacha a chaill gach rud ag an am sin a rinne an mála seo agam. Rinneadh é ó chanbhás as a ndearnadh pubaill tarrthála a thug dídean dóibh agus a raibh an teachtaireacht seo air



Wow!

Chuaigh na focail seo i bhfeidhm go mór ormsa agus go tobann bhí scéal le hinsint ag mo mhála. Is ag an am sin a thuig mé an chiall a bhain le beatha nua a thabhairt do rud. Chonaic na mná iontacha seo luach agus deis i rud nach raibh de dhíth orthu níos mó. Rud a dtiocfadh le daoine eile breathnú air mar dhramhaíl. Ina áit sin, d’athraigh siad é, á choinneáil amach as an líonadh talún, agus san am céanna rinne siad airgead chun cabhrú lena gcomhphobal a chur chun cinn. Nach inspioráideach na mná iad. Agus nach cumhachtach an coincheap.

Ó shin i leith, thosaigh mé ag breathnú go difriúil ar rudaí agus thuig mé dá mbeadh beagán cruthaíochta agus samhlaíochta againn, gurbh fhéidir linn gach rud thart orainn nach mór a úsáid arís le haghaidh rud nua. Tuigim a oiread féidearthachtaí neamhshaothraithe atá ann do dheiseanna gnó agus do dhearadh táirge má bhreathnaímid ar dhramhaíl mar acmhainn. Agus mhothaigh mé go raibh ardán ag teastáil don lucht deartha agus déantúsaíochta a bhí ag tabhairt ár ndúshláin sa dóigh a smaoinímid ar dhramhaíl – leis an stuif a dhéanann siad agus an dóigh a smaoiníonn siad a chur chun cinn.

Creidim nach “dramhaíl é ach amháin mura bhfeicim na féidearthachtaí atá leis”. Agus anois, níos mó ná riamh, caithfidimid tacaíocht a thabhairt do na smaointe nuálaíocha, deartha agus gnó seo a thugann réitigh ar dhramhaíl dúinn agus iad seo a chabhróidh linn geilleagar ciorclach níos inbhuanaithe a thógáil. Tá oiread sin rudaí iontacha ag titim amach.

Málaí agus oiriúintí le haghaidh gnátheachtraí déanta as cultacha fliucha uaschúrsáilte. Lámhdhéanta le meas don timpeallacht agus paisean do dhomhan níos inbhuanaithe a léiriú.

NEO – ón fhocal ‘neopréin’ (an t-ábhar as a ndéantar cultacha fliucha)

Agus neo – a chiallaíonn ‘nua’, nod don bheatha nua a bheidh ag na cultacha fliucha.

Téann 10% den bhailiúchán seo chuig Tarrtháil Rónta Éireann

Teimpléad Pleanála Aonad Foghlama

Comhthéacs, Bliainghrúpa & Réamheolas

Torthaí Foghlama i bhFócas

Príomhfhoghlaim

Measúnú Leanúnach

Eispéiris Foghlama Bhríocha agus Spreagúla

Leideanna chun Machnaimh (*ar bonn aonair agus / nó mar Roinn*)

Leideanna chun Machnaimh ...

- Cad é a d'fhoghlaim ár gcuid scoláirí trasna na snáitheanna éagsúla?
- Cá bhfuil mo chuid scoláirí ina gcuid foghlama ag an bpointe seo?
- Cad é an chéad rud eile a déarfadh scoláirí a bheith ábhartha ina gcuid foghlama?
- Conas a léireodh scoláirí a gcuid foghlama sa chéad aonad eile?
- Cad iad na hacmhainní a thiocfadh liom / linn a úsáid chun cabhrú leo agus iad a spreagadh sna chéad chéimeanna eile dá gcuid foghlama

Nótaí:

Intinní foghlama

Mo chleachtas reatha



Mo chleachtas sa todhchaí

Critéir ratha

Mo chleachtas reatha



Mo chleachtas sa todhchaí

Nótaí - Gníomhaíocht Aiseolais


“Gné an tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d’éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo.”

Sonraíocht Churaclaim Staidéar Gnó, lch. 17



Cad é a dhéanann aiseolas foirmitheach?

- Díríonn sé ar cháilíocht shaothar an scoláire
- Tá baint aige leis na critéir ratha aontaithe
- Spreagann sé smaointeoireacht scoláirí
- Léiríonn sé moltaí chun feabhsú
- Sonraíonn sé rath agus gnóthachtaíil



Uirlisí Measúnaithe an CNCM

Aiseolas agus tuairisciú	Nótaí
Cén fáth a dtugaim aiseolas i mo sheomra ranga?	
Conas a thugaim aiseolas i mo sheomra ranga?	
Cá huair a tharlaíonn sé?	

Spreagthaí Comhrá ar Chleachtas a Roinnt

I	Inis dóibh rud is maith leat faoina gcuid oibre
C	Cuir ceist orthu
T	Tabhair moladh faoin dóigh le feabhsú

		<u>Mo chuid breathnóireachtaí</u>	<u>Díospóireachtaí Comhoibríocha</u>
1	Nuair a dhéantar gráid a ríomh trí shraith de ghníomhaíochtaí casta matamaiticiúla, tá seans láidir ann gur lú a bhaineann an córas tuairiscithe le comhrá agus gur mó an seans nach dtuigeann na daoine is tábhachtaí ar fad: na scoláirí agus a dteaghlaigh.		
2	Nuair a thagann na próisis tuairiscithe go dlúth leis an rud a dhéanaimid gach lá sna seomraí ranga againn, bíonn soiléireacht agus forbairt i gceist.		
3	In ainneoin a láidre le clár ríomhaireachta, ní hionann é agus múinteoir.		
4	Caithfimid dóigheanna a aimsiú chun plé faoi iompair agus buairimh a chur in iúl agus ceiliúradh le tuismitheoirí gan éirí doiléir maidir le tuairisciú ar an bhfoghlaim acadúil. Ba chóir dúinn an dá chuid a choinneáil scartha. Na Cruachíumhaiseanna a aithint sa tuairisciú.		
5	Is tábhachtaí i bhfad an breithiúnas gairmiúil s'againn ná algartam ríomhaire.		
6	Is cuid de chóras tuairiscithe níos mó é, ainmneacha ár gcuid scoláirí a úsáid agus ár dtuairimí a dhéanamh pearsanta, rud a thugann scoláirí faoi deara agus a léiríonn meas orthu dá réir.		

Féin-Iniúchadh ar Thuairisciú

Ceist	In am ar bith	Corruair	I gcónaí
Smaoiním faoin aiseolas ó bhéal a thugaim do mo scoláirí?			
Tugaim aiseolas a bhaineann leis an intinn foghlama agus leis na critéir ratha a aontaíodh leis na scoláirí?			
Díríonn an t-aiseolas ar líon beag spriocanna ag aon am amháin?			
Tugaim am do scoláirí machnamh ar an aiseolas a fhaigheann siad uaim agus óna gcuid piaraí?			
Nuair a úsáidim teanga na foghlama chun aiseolas a thabhairt, tugaim aitheantas don rath agus don éacht chomh maith le réimsí atá le forbairt?			
Díríonn mo chuid tuairiscithe ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn amháin, seachas ar bhreithiúnais shuibiachtúla faoi scoláirí?			
Déanaim / déanaimid teagmháil le tuismitheoirí faoi dhul chun cinn scoláirí ar dhóigheanna éagsúla i rith na bliana?			
Cabhraím le scoláirí a bheith rannpháirteach agus an dul chun cinn atá déanta acu a bhreacadh síos trí iarraidh orthu machnamh a dhéanamh agus a ndul chun cinn a chur i gcomparáid le critéir ratha?			
Déanaimid tuairisciú ar chomh maith 's atá ag éirí le scoláirí thar réimse leathan deiseanna agus eispéireas?			

Machnamh ar an Lá

3: *Trí rud a d'fhoghlaim mé ó mo chomhghleacaithe le linn Eispéireas Foghlama Gairmiúil an lae inniu*

2: *Dhá chur chuige i leith fhoghlaim an scoláire a thabharfaidh mé liom isteach i mo sheomra ranga*

1: *Rud amháin a ndéanfaidh mé machnamh faoi*

Nótaí:

Sonraí Teagmhála

Oifig Riaracháin:

Ionad Oid. Mhuineacháin
Bóthar Ard Mhacha
Muineacháin.
www.metc.ie

Oifig an Stiúrthóra:

BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan.

Lean muid ar:



@JCforTeachers
@jct_Business

Gach fiosrúchán chuig: info@jct.ie

Suíomh úsáideach: www.jct.ie
www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie
www.juniorcycle.ie
<http://schoolself-evaluation.ie>

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers